# Rannphairtíocht Dhomhanda UCD - Cur aithne ar an bhFoireann



## An tOllamh Dolores O'Riordan

### An Leasuachtarán do Chaidreamh Domhanda

Beathaisnéis:

Tá Dolores freagrach as forbairt agus as cur i bhfeidhm Straitéis UCD um Chaidreamh Domhanda.

Is Ollamh le Bia-Eolaíocht í, agus díríonn a cuid taighde ar airíonna fisiciceimiceacha chomhábhair bhia agus ar chomhdhéanamh bia a chruthú a fheabhsóidh buntáistí sláinte. Tá naisc ghníomhacha ag a clár um thaighde bia le hollscoileanna san Eoraip, sna Stáit Aontaithe, san Astráil agus sa tSín. Tá breis agus 40 mac léinn iarchéime stiúrtha chun críche aici agus tá breis agus 100 foilseachán piarmheasúnaithe aici. Is í príomhthaighdeoir UCD in dá mhórionad teicneolaíochta, Food for Health Ireland agus Dairy Processing Technology Centre.

Bronnadh Gradam Eolaíocht na Beatha agus Thráchtálaíocht Bhia de chuid Fhiontraíocht Éireann uirthi in 2012 mar aitheantas ar a hionchur iontach i dtaobh nuálaíochta i dtionscal an bhia. Sular tháinig sí chuig UCD d'oibrigh sí i réimse an taighde agus na forbartha le comhlacht bia ilnáisiúnta a fhreastalaíonn ar mhargaí domhanda. Is comhairleoir í ar roinnt bord Stáit.

Chun teagmháil a dhéanamh le Dolores, téigh i dteagmháil lena cúntóir pearsanta, Josephine Aylward ag: vpforglobalengagement@ucd.ie. Tá taithí fhairsing ag Josephine maidir le tacaíocht riaracháin a chur ar fáil in eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.



## An tOllamh Paul Fanning

### Déan Idirnáisiúnta (An tSín) agus Propast, Coláiste Idirnáisiúnta Bhéisigh agus Bhaile Átha Cliath

Beathaisnéis:

Soláthraíonn Paul forléargas acadúil agus riaracháin ar chomhpháirtíochtaí comhartheagaisc UCD sa tSín, agus cothaíonn sé aitheantas agus forbairt maidir le caidreamh UCD le príomhghníomhaireachtaí rialtais, le hinstitiúidí ardoideachais agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha ríthábhachtacha sa tír. Is crann taca é do chaidreamh domhanda UCD sa tSín sa ról sin agus tugann sé tacaíocht don ollscoil i bhforbairt leanúnach a straitéisí um chaidreamh gníomhach sa tSín.

Is Innealtóir Cairte é Paul agus is Comhalta é d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann. Is céimí de chuid Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta in UCD é, agus d'fhill sé ar UCD mar chuid den fhoireann teagaisc i 1996 i ndiaidh dó a PhD a chur i gcrích in Ollscoil Surrey, agus i ndiaidh dó cúig bliana a chaitheamh ag obair mar innealtóir comhairleach sa tionscal.

Le linn a chuid ama in UCD tá roinnt ról riaracháin déanta ag Paul, lena n-áirítear Stiúrthóir an Ghrúpa Taighde, Ceann an Teagaisc agus na Foghlama agus Comhordaitheoir na gClár i Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta, agus Leasuachtarán ionaid don Idirnáisiúnú i gColáiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta. An ról is deireanaí a chomhlíon sé ná Leasuachtarán Ionaid do Chaidreamh Domhanda in UCD.



## Clár Ní Bhuachalla

### Stiúrthóir Ghaeltacht UCD - Lárionad Domhanda do Theanga agus Cultúr na Gaeilge UCD

Beathaisnéis:

Stiúrann Clár Gaeltacht UCD i gcomhroinnt na Gaeilge agus an cultúr a bhaineann léi ar fud an domhain, rud nach post amháin di é ach rud a bhfuil dúil aici ann. Tá tionscadail curtha le chéile aici, lena n-áirítear cúrsaí teanga do mhic léinn agus d'fhostaithe, seirbhís aistriúcháin don ollscoil, scéim chónaithe Ghaeilge do mhic léinn a bhfuil gradaim buaite aici, cláir mhalairte le hollscoileanna in Albain, chomh maith le clár teanga agus cultúrtha sa tSín a dhearadh agus a sheachadadh. Ceann amháin dá buaicphointí gach bliain ná fáilte a chur roimh alumni, roimh dhiaspóra agus roimh an bpobal áitiúil chuig scoil samhraidh idirnáisiúnta na Gaeilge in UCD.

Tá céim onóracha sa Nua-Ghaeilge agus sa léann Gearmánach ag Clár, chomh maith le hArdteastas san Oideachas ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá scoláireachtaí chuig Christian-Albrechts Universität zu Kiel, an Ghearmáin agus Adam Mickiewicz University Posnan sa Pholainn bainte amach aici. Tá spéis faoi leith aici i gcultúir Cheilteacha agus Eorpacha, agus bhronn UCD MA i Mionchultúir Eorpacha agus Réigiúnacha uirthi. Admhaíonn sí go bhfuil sí 'báite sa chultúr', sáite sa cheol Gaelach, san amhránaíocht Ghaelach, sa damhsa Gaelach, sa Ghaeilge agus sa bhéaloideas.



## An Dr. Anna Nunan


### Ceann Aonaid ag Ionad na dTeangacha Feidhmeacha

Beathaisnéis:

Tá Anna ina Ceann Aonaid ag Ionad na dTeangacha Feidhmeacha. Roimhe seo d'oibrigh sí mar Leas-Stiúrthóir agus Stiúrthóir agus bhí sí i gceannas ar an Ionad ar Chlár Domhanda na Modúil Teanga, Modúil Béarla in-seisiúnta agus Máistreacht an Ionaid i dTeagasc an Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile (TESOL).

Rinne sí staidéar ar an nGearmáinis agus ar an bhFraincis agus tá PhD aici sa Léann Gearmánach ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bronnadh malartú scoláireachta uirthi le dul go dtí an Ghearmáin agus d'oibrigh sí ar chláir Scríbhneoireacht Acadúil sna SA sular thosaigh sí leis an gColáisteOllscoile, Baile Átha Cliath. Bhain sí Dioplóma Iarchéime amach i dTeagasc agus i bhFoghlaim Ollscoile ag An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Oibríonn Anna le foireann san Ionad ar chláir teanga ar ardchaighdeán a fhorbairt thar raon leathan teangacha agus leibhéil ag An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá fócas láidir ar réimse an Bhéarla do chríocha Acadúla do mhic léinn idirnáisiúnta agus ar réimsí taighde an ilteangachais, modheolaíochtaí teagaisc teanga agus tástáil teanga.



## An tOllamh Liming Wang

### Stiúrthóir ar an Institiúid Éireannach don Léann Síneach agus ar Institiúid Confucius UCD

Beathaisnéis:

Ceapadh an tOllamh Wang ina Stiúrthóir ar an Institiúid Éireannach don Léann Síneach agus ar Institiúid Confucius UCD in 2006. Sular tháinig sé chuig UCD, bronnadh scoláireacht chuartaíochta ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ar an Ollamh Wang, agus i ndiaidh dó a PhD san Eacnamaíocht a chur i gcrích, ceapadh ina chomhalta teagaisc agus taighde in Ollscoil na Banríona é i 1995.



## Shauna Hughes

### Stiúrthóir Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD ar Chaidreamh, Comhpháirtíocht & Soghluaiseacht

Beathaisnéis:

Is í Shauna Hughes Stiúrthóir Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD ar Chaidreamh, Comhpháirtíocht agus Soghluaiseacht. Oibríonn Shauna i gcomhpháirtíocht le Una Watkins, Stiúrthóir ar Earcaíocht Mac Léinn Idirnáisiúnta chun fís agus ceannasaíocht straitéiseach a thabhairt do UCD Ar Fud na Cruinne agusA chun bainistíocht a dhéanamh air le go mbainfí amach na huaillmhianta atá i Straitéis um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD 2021-2024.
Mar chéimí ó Ollscoil Uladh agus ón Institiúid Chairte Margaíochta, tugann Shauna ceannaireacht freisin don Fhoireann um Chaidreamh Domhanda, um Chomhpháirtíochtaí agus um Shoghluaisteacht maidir le forbairt ar chomhpháirtíochtaí agus ar shoghluaisteachtaí atá ann cheana agus orthu siúd atá nua, ar mhaithe le treoir a thabhairt do cheannairí acadúla UCD chun comhpháirtíochtaí stráitéiseacha a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh shoghluaisteachta.



## Una Watkins

### Stiúrthóir Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD ar Earcaíocht Mac Léinn Idirnáisiúnta

Beathaisnéis:

Is í Una Watkins Stiúrthóir Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD ar Earcaíocht Mac Léinn Idirnáisiúnta. Oibríonn Una i gcomhpháirtíocht le Shauna Hughes, Stiúrthóir ar Chaidreamh Domhanda, Comhpháirtíochtaí agus Soghluaisteacht chun fís agus ceannasaíocht straitéiseach a thabhairt do UCD Ar Fud na Cruinne agus chun bainistíocht a dhéanamh air le go mbainfí amach na huaillmhianta atá i Straitéis um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD 2021-2024. Mar chéimí ó UCD, tá Una i gceannas freisin ar Fhoirne Earcaíochta agus Iontrálacha Mac Léinn Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath agus ar líonra ionaid UCD Ar Fud na Cruinne atá lonnaithe sa tSín, san India, in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus sna Stáit Aontaithe agus leis sin tugtar treoir fhoriomlán do straitéis na hOllscoile maidir le hearcaíocht mac léinn idirnáisiúnta thar phríomhmhargaí oideachais idirnáisiúnta.



## Paula McBride

### Bainisteoir Airgeadais

Beathaisnéis:

Is í Paula McBride an Bainisteoir Airgeadais in Oifig an Chaidrimh Dhomhanda. Tá sí freagrach as rialú agus as pleanáil airgeadais. Is ball den fhoireann bhainistíochta sinsearaí í Paula agus cuireann sí comhairle agus saineolas ar fáil maidir le hathbhreithniú thar ghníomhaíochtaí reatha agus ar ghníomhaíochtaí amach anseo a bhaineann le cúrsaí airgeadais.

Is céimí onóracha ó Ollscoil Luimnigh í Paula, a raibh an Chuntasaíocht agus an tAirgeadas mar phríomhábhair aici agus is comhalta de chuid Chuntasóirí Cairte na hÉireann í, i ndiaidh di a hoiliúint ghairmiúil chuntasaíochta a chur i gcrích le PwC i 2005. D'oibrigh Paula mar chuntasóir coláiste i gColáiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta, in iarCholáiste na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta agus ina ról is deireanaí mar chuid d'fhoireann Choláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte.




An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Belfield, Baile Átha Cliath 4, Éire.

T: 3531716 8635



© 2018 Gach Ceart ar Cosaint.



Oifig um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD

Ionad na dTeangacha UCD
Institiúid Confucius UCD
UCD Ar Fud na Cruinne
Institiúid Éireannach do na Léann Síneacha UCD
Gaeltacht UCD